An Coimisiún Eorpach

ARDÁN UM RANNPHÁIRTÍOCHT SAORÁNACH MAIDIR LE

Cothroime Idirghlúine



Tuarascáil chomhairliúcháin deiridh - Mí na Samhna 2025

Make.org a rinne an anailís agus a tháirg an tuarascáil.

Open Source Politics a chuir an tArdán i bhfeidhm agus a rinne modhnóireacht air.

MAKE. ORG Open Source Politics

[redacted]

CLÁR

Achoimre Feidhmiúcháin..... leathanach 3

1. Réamhrá.....leathanach 4

2. Modheolaíocht..... leathanach 5

3. Forbhreathnú.....leathanach 7

4. Na haighneachtaí is mó ar tacaíodh leo.....leathanach 8

5. Grinnanailís..... leathanach 11

    Comhtháthú agus cuimsiú sóisialta.....leathanach 11
    Daonlathas agus rialachas..... leathanach 13
    Inbhuanaitheacht comhshaoil agus shocheacnamaíoch..... leathanach 15
    Córais chúraim agus oideachais..... leathanach 19

6. Conclúid..... leathanach 21

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Chun bonn eolais a chur faoi dhearadh na Straitéise um Chothromaíocht Idirghlúine, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán ilteangach ar líne maidir le **Cothroime Idirghlúine** ar **Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach**, comhairliúchán a bhí ar siúl ó **mhí Feabhra go mí na Samhna 2025**. Rinneadh an próiseas a struchtúrú i gceithre chéim: sainaithníodh sa *chéim scóipe* (mí Feabhra - mí Aibreáin) na bunchúiseanna atá le saincheisteanna cothroime idirghlúine, agus ina dhiaidh sin *forbairt físe* (Meitheamh - Iúil), *smaointe straitéise* a fhorbairt (mí Lúnasa - mí Dheireadh Fómhair) agus an *Straitéis um Chothroime Idirghlúine a chruthú i gcomhar le chéile* ag an deireadh (mí Dheireadh Fómhair - mí na Samhna).

Le linn na gceithre chéim uile, bhailigh an tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach rannchuidithe éagsúla ó gach cearn den Aontas, inar léiríodh dearcthaí na saoránach maidir leis na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcothroime idirghlúine, chomh maith lena smaointe nithiúla agus nuálacha chun feabhas a chur ar an gcumarsáid idir na glúine agus chun a chinntiú go ndéanfar leasanna na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht a mheas go comhsheasmhach i gcinnteoireacht an Aontais.

Déantar achoimre sa tuarascáil sin ar an bplé ar líne idir mí Feabhra agus mí na Samhna 2025 maidir le ceithre ghné leathana agus 10 n-ábhar shonracha lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcothroime idirghlúine.

Le linn an chomhairliúcháin sin, leag na rannpháirtithe béim ar an ngéarghá atá le **dlúthpháirtíocht idirghlúine** a chur chun cinn trí spásanna cuimsitheacha a chruthú don idirphlé agus tríd an idirdhealú a chomhrac, go háirithe an t-aoiseachas. D'iarr siad go mbeadh **rialachas cuimsitheach ann a bheidh dírithe ar an todhchaí** agus lena ndéanfar an smaointeoireacht fhadtéarmach a leabú i gceapadh beartas, lena gcinnteofar go gcuirfear leasanna na nglún óg agus na nglún atá le teacht san áireamh i gcinntí an lae inniu. Leag na rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá gníomhú práinneach ar son na haeráide agus aistriú i dtreo samhlacha eacnamaíocha inbhuanaithe lena dtugtar tús áite don fholláine fhadtéarmach, agus lena bhfeabhsaítear fostaíocht don aos óg an tráth céanna. Leag siad béim ar an ngá atá le rochtain uilíoch ar **sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán** ar feadh an tsaoil, agus mhol siad córais chúraim níos láidre, aitheantas níos fearr do theaghlaigh agus do phobail mar líonraí tacaíochta, agus athchóirithe oideachais lena gcuirtear foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn.

Ar an iomlán, rinne siad na réimsí beartais sin a nascadh go comhsheasmhach le spriocanna sochaíocha níos leithne, agus chuir siad i bhfios go láidir nach mór don chomhtháthú sóisialta, don inbhuanaitheacht comhshaoil agus shocheacnamaíoch, don rialachas fadtéarmach agus do sheirbhísí poiblí cothroma dul chun cinn a dhéanamh le chéile chun Eoraip níos cothroime agus níos comhtháite a thógáil a thacóidh le gach glúin.

1. RÉAMHRÁ

Chun tacú le forbairt **Straitéis an Aontais um Chothroime Idirghlúine**, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán ilteangach ar líne ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach. Ó **mhí Feabhra go mí na Samhna 2025** in éineacht leis an bPainéal Saoránach Eorpach maidir le Cothroime Idirghlúine, chuir an próiseas rannpháirtíochta sin ar a gcumas do shaoránaigh a dtuairimí agus a smaointe a roinnt, rud a chuidigh leis an dlúthpháirtíocht idir na glúine a neartú agus leasanna agus dea-bhail na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht a chosaint.

Rinneadh an comhairliúchán a struchtúrú i gceithre chéim - raon feidhme, forbairt físe, smaointe straitéise a fhorbairt, agus an Straitéis um Chothroime Idirghlúine a chomhchruthú - an próiseas a threorú ó dhúshláin a thuiscint go gníomhaíochtaí nithiúla a shainiú. Le linn na gcéimeanna sin, bhailigh an t-ardán comhairliúcháin **179 n-aighneacht ó na saoránaigh** san iomlán, agus bhí **132 bharúil** agus **323 fhormhuiniú** ag gabháil leo.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo anailís ar na haighneachtaí uile a bailíodh le linn an phróisis rannpháirtíochta sin, arna n-eagrú de réir na gceithre phríomh**ghné** a sainaithníodh trí bhraisliú téamach na n-ábhar is minice a pléadh. Is iad seo a leanas na gnéithe sin: (1) comhtháthú agus cuimsiú sóisialta (2) daonlathas agus rialachas, (3) inbhuanaitheacht comhshaoil agus shocheacnamaíoch, agus (4) córais chúraim agus oideachais.

Léirítear le gach ceann de na gnéithe sin na trí **phríomhdhúshlán** a d'aithin na rannpháirtithe maidir leis an gcothroime idirghlúine: **smaointeoireacht ghearrthéarmach** (meastar go dtugann tosaíochtaí gearrthéarmacha sa bheartas agus san eacnamaíocht dúshlán don chothroime idirghlúine), **eisiamh agus neamhionannas** (de réir na rannpháirtithe, cuireann idirdhealú agus rochtain mhíchothrom cosc go háirithe ar dhaoine óga agus ar dhaoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí) chomh maith le **dlúthpháirtíocht idirghlúine neamhleor** (míníonn na rannpháirtithe go lagaíonn naisc laga agus tacaíocht theoranta idir na glúine an comhtháthú sóisialta).

Ar an gcéad dul síos, leagtar amach sa tuarascáil seo an **mhodheolaíocht**, agus ina dhiaidh sin **forléargas ginearálta** ar threochtaí rannpháirtíochta agus ar na torthaí. Tugtar **anailís** mhionsonraithe ansin inti **ar gach gné**, déantar plé ar **thopaic** gach saoránaigh, agus úsáidtear sleachta léiriúcháin ón Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach chun tacú lena hargóintí. Déantar achoimre sa chaibidil deiridh ar thorthaí an chomhairliúcháin agus déantar machnamh gairid orthu.

2. MODHEOLAÍOCHT

Chun anailís a dhéanamh ar ábhar an Ardáin um Rannpháirtíocht Saoránach maidir le Cothroime Idirghlúine[1], cuireadh modheolaíocht trí chéim i bhfeidhm. Cinntítear leis an gcur chuige sin léirmhíniú cruinn ar aighneachtaí na saoránach agus braisliú agus grúpáil fhóinteach smaointe, agus cothromaíocht á baint amach idir comhleanúnachas téamach agus doimhneacht anailíseach.

CÉIM 1. ANAILÍS CHAINNÍOCHTÚIL ar na haighneachtaí agus ar na barúlacha: Sainaithníodh príomhghnéithe na díospóireachta. Chun é sin a dhéanamh, chuir an fhoireann anailíse cur chuige ionduchtach bunaithe ar théama i bhfeidhm, agus lipéid théamacha á sannadh do gach aighneacht. Leis sin, bhíothas in ann na príomhábhair a tharraing saoránaigh anuas a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh.

CÉIM 2. ANAILÍS AR AIGHNEACHTAÍ laistigh de na gnéithe: anailís cháilíochtúil arna déanamh de láimh. Rinneadh aighneachtaí a ghrúpáil de réir téamaí ar a dtugtar 'topaicí saoránach', bunaithe ar mhinicíocht agus ábharthacht na dtéamaí laistigh de gach gné.

CÉIM 3. BARÚLACHA AGUS FORMHUINITHE a chur san áireamh: rinneadh anailís bhreise ar na haighneachtaí agus ar na barúlacha, i gcás inar measadh í a bheith iomchuí, agus béim ar na haighneachtaí áirithe a raibh ábharthacht ar leith ag baint leo mar léiriú ar an topaic agus dearcthaí na saoránach a thaispeáint.

[1] Tá na haighneachtaí uile ar fáil ar líne mar chuid de chomhaid sonraí oscailte an ardáin, ar féidir le haon duine a bhfuil suim aige ann iad a íoslódáil le haghaidh tuilleadh anailíse.

GLUAIS

Rannpháirtí. Saoránach a rinne gníomhaíocht amháin ar a laghad ar an ardán: aighneachtaí, barúlacha, nó formhuinithe.

Aighneacht. Smaoineamh amháin arna chomhroinnt ag rannpháirtí ar an ardán.

Barúil. Freagraí i scríbhinn ó na rannpháirtithe ar aighneacht tosaigh. Is le barúlacha a chuirtear tús le díospóireacht bunaithe ar an topaic thosaigh, agus tugann siad deis do rannpháirtithe cumarsáid a dhéanamh le chéile.

Formhuiniú. Vóta ó rannpháirtí ar mian leis tacú le haighneacht shonrach. Tá roinnt aighneachtaí nár formhuiníodh.

Gné. Is éard atá i gceist le gné ceannlíne faoina dtugtar le chéile smaointe atá i líon mór aighneachtaí.

Topaic Saoránach. Fochatagóir de ghné atá ann, ina bhfuil roinnt aighneachtaí.

3. FORBHREATHNÚ

UIMHREACHA

Rannpháirtíocht iomlán, ón 25 Feabhra 2025 go dtí an 30 Samhain 2025.

- **354 041** leathanach ar breathnaíodh orthu (don ardán rannpháirtíochta iomlán)
- **215 000** cuairteoir (ar an ardán rannpháirtíochta ina iomláine)
- **179** n-aighneacht
- **132** bharúil
- **323** mholadh

SÚIL SCIOBTHA AR GACH GNÉ AGUS TOPAIC SAORÁNACH

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na **gnéithe** agus na **topaicí saoránach** uile a sainaithníodh. Caibidil *5.* (*Grinnanailís*) ina dtugtar anailís mhionsonraithe ar na topaicí uile. Léirítear sa tábla freisin an líon iomlán aighneachtaí (∑) a thagann faoi gach gné.*

* Pléitear réimse leathan ábhar i gcuid mhór aighneachtaí ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach, agus d'fhéadfadh baint a bheith acu le roinnt gnéithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an líon iomlán aighneachtaí sa tábla thíos a bheith níos mó ná an t-iomlán iarbhír.

GNÉITHE	∑	TOPAICÍ SAORÁNACH
1. COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA	75	1.1 An dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn agus spásanna a chruthú don idirphlé idirghlúine
		1.2 An t-idirdhealú a chomhrac agus an comhionannas a chur chun cinn
2. DAONLATHAS AGUS RIALACHAS	59	2.1 Rannpháirtíocht chuimsitheach a leathnú le haghaidh ionadaíocht idirghlúine
		2.2 An smaointeoireacht fhadtéarmach agus idirghlúine a chur i gcroílár na bpróiseas ceaptha beartas
3. INBHUANAITHEACHT COMSHAOIL AGUS SHOCHEACNAMAÍOCH	51	3.1 An t-athrú aeráide a chomhrac mar fhreagracht idirghlúine
		3.2 Infheistíocht atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn
		3.3 Coinníollacha fostaíochta don aos óg a fheabhsú
		3.4 Dálaí maireachtála córa a chinntiú do chách
	37	4.1 Córais chúraim do gach aois a neartú

4. CÓRAIS CHÚRAIM AGUS OIDEACHAIS		4.2 Rochtain chothrom ar oideachas ar ardchaighdeán a leathnú

4. NA hAIGHNEACHTAÍ IS MÓ A FORMHUINÍODH

*Séanadh: rinneadh codanna de na sleachta athfhriotail sa roinn sin a aibhsiú i g**cló trom** ar mhaithe le soiléireacht agus béim.*

Maciej - 26 mholadh

Teideal: A bhuí le Plean Gníomhaíochta an Aontais chun an tAoiseachas a Chomhrac, beidh rath ar dhaoine óga agus aosta

Gné: **COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA**

*'Chun 'Aontas Comhionannais' a bhaint amach, ní mór dúinn **dul i ngleic le hidirdhealú aoise agus leis na bacainní struchtúracha** a chuireann cosc ar dhaoine de gach aois comhionannas ar feadh a saoil a bheith acu. Tá sé ríthábhachtach cur in aghaidh **insintí agus cleachtais idirdhealaitheacha**, cuir i gcás an t-aoiseachas, agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais shocheacnamaíocha ar bhonn na dlúthpháirtíochta agus na cothroime idirghlúine chun déileáil le sochaí agus geilleagar atá briste agus ilroinnte. Tá AGE Platform Europe ag iarraidh go nglacfaí leis an g**comhionannas aoise** i n**gach beartas agus tionscnamh Eorpach** chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais agus mianta sochaí atá ag dul in aois: https://www.age-platform.eu/areas-of-work/age-equa lity/ Baineann sé le cothroime, cuimsiú agus comhtháthú a shamhlú ar feadh an tsaoil agus ar fud na réimsí uile, san oideachas, san fhostaíocht, sa tsláinte agus sa chúram, in ioncam sásúil, sa rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil srl. Is deis é an t-aosú, go háirithe le linn géarchéimeanna iomadúla; ní féidir linn athléimneacht agus rathúnas a chothú ach amháin i sochaí ina mbeidh rath ar dhaoine ag gach aois, ina gcothaítear ár ndifríochtaí go frithpháirteach trí urraim agus dlúthpháirtíocht. Chun comhionannas aoise a bhaint amach, tá **Plean Gníomhaíochta an Aontais chun an tAoiseachas a Chomhrac** de dhíth orainn. Ba cheart an plean a bheith ina dhlúthchuid de Straitéis an Aontais um Chothroime Idirghlúine, bunaithe ar chearta an duine, ar thrasnachas, ar chomhionannas agus ar dhlúthpháirtíocht laistigh de na glúine agus eatharthu. Ba cheart dó comhleanúnachas a chinntiú idir gealltanais an Aontais agus na mBallstát maidir le cearta comhionanna do gach aois, agus rannchuidiú leis an bhfás inbhuanaithe, leis an iomaíochas agus leis an gcomhtháthú an tráth céanna.'*

Nena - 10 moladh

Teideal: Le Plean Gníomhaíochta an Aontais chun an tAoiseachas a Chomhrac, neartófar an chothroime idirghlúine

Gné: **COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA**

*'Tá sé ríthábhachtach **comhionannas ag gach aois** a chur chun cinn chun cothroime idirghlúine a bhaint amach. Is é an t-aoiseachas an t-aon fhoras idirdhealúcháin a chumhdaítear le conarthaí an Aontais, a ndearnadh dearmad air go dtí seo i dtírdhreach beartais an Aontais. Ní mór**Plean Gníomhaíochta tiomnaithe chun an tAoiseachas a Chomhrac** a áireamh sa Straitéis um Chothroime Idirghlúine , lena gcruthófaí treochlár chun deireadh a chur le neamhionannais ar feadh an tsaoil agus chun comhionannas do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta a chur chun cinn. Chuirfeadh sé cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine in ionad insintí aoiseacha, rud a rannchuideodh le feabhsú ar fhorfheidhmiú na ndlíthe frith-idirdhealaithe atá ann cheana, le bailiú sonraí feabhsaithe a bheadh imdhealaithe de réir aoise agus saintréithe eile. Leis an bPlean Gníomhaíochta sin, oibreofar i gcomhar le pleananna gníomhaíochta/straitéisí comhionannais an Aontais atá ann cheana maidir le hinscne, míchumas, LGBTI+, Romaigh agus cine agus saibhreofar uaillmhian thrasnach an Aontais. Beidh sé d'aidhm ag an straitéis sin **deireadh a chur le haon chleachtas aoisíoch** a dhéanann difear do dhínit an duine agus do chearta bunúsacha a bheith ag gach duine, beag beann ar aois, agus na hacmhainní is gá á dtarraingt le chéile chun gur féidir le daoine óga agus aosta barr a gcumais a bhaint amach agus teacht iomlán comhionann a bheith acu ar an tsochaí. Stiúrfar leis aird an Aontais ar an gcaoi a mbíonn daoine ag maireachtáil níos faide agus ar an ngá atá le sochaithe cothroma, cuimsitheacha agus athléimneacha do gach glúin. Ní hamháin gur riachtanas maidir le cearta an duine é an t-aoiseachas a chomhrac - tá sé ríthábhachtach chun sochaithe athléimneacha, cuimsitheacha agus córa a thógáil.'*

Cristiny - 10 moladh

Teideal: Comhchuibhiú idir na glúine de gach aois atá ann faoi láthair agus na glúine de gach aois a bheidh ann amach anseo trí úsáid a bhaint as rialachas trasearnála, fadtéarmach agus rannpháirteach

Gné: **DAONLATHAS AGUS RIALACHAS**

*'In Aontas ina dtagann na glúine le chéile ar mhaithe le sochaí rathúil, tá cónaí ar dhaoine de gach aois sa lá atá inniu ann i ndomhan síochánta ina bhfuil **timpeallacht nádúrtha agus córais shocheacnamaíocha rathúla** a chuireann ar a gcumas dóibh an saol is fearr is féidir a chaitheamh — tá **rochtain acu ar oideachas, ar bhia agus ar thithíocht**, is féidir leo iompar poiblí agus rothair a úsáid chun an áit a bhfuil siad ag dul a bhaint amach, tá rochtain acu ar phoist a sholáthraíonn **pá sásúil** dóibh ar mhaithe le saol maith. Ag deireadh a saoil oibre, tá pinsean acu a ligeann dóibh maireachtáil gan strus airgeadais. Is amhlaidh atá 50 bliain ón lá inniu, agus na daoine óga sin ag dul ar scor agus ag aistriú ó phoist go pinsin. Beidh an rud céanna fíor 50 bliain ina dhiaidh sin dá ngarchlann. Chuige sin go léir, tá gá le próisis ceaptha beartas chun **tionchair fhadtéarmacha agus thrasearnálacha na mbeartas** ar ghlúine atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo de gach aois a mheas. Chun é sin a dhéanamh, ní mór don Aontas uirlisí agus modhanna ar nós **fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus samhlacha comhtháite** a úsáid chun breathnú ar an bhfadtéarma. Ní mór na sadhlanna a dhúnadh idir réimsí beartais, agus ní mór dul i gcomhairle le gnáthdhaoine nach saineolaithe*

iad, go háirithe daoine óga atá ina n-ionadaithe do na glúine nár rugadh go fóill, chun a riachtanais, a n-ábhair imní agus a mianta a chur in iúl do shaol an lae inniu agus do shaol na todhchaí. Ní mór don rannpháirtíocht sin a bheith fóinteach agus ní mór fíorthionchar a bheith aici ar bheartas. D'fhéadfadh samplaí d'institiúidí do na glúine atá le teacht agus samplaí cothroime idirghlúine ó gach cearn den domhan a bheith ina n-eiseamláirí don Aontas chun foghlaim uathu agus chun tógáil orthu.'

Lisa - 9 moladh

Teideal: Tá gá le hathrú ar an gcóras eacnamaíoch chun ceartas idirghlúine a bhaint amach Gné: **INBHUANAITHEACHT COMSHAOIL AGUS SHOCHEACNAMAÍOCH**

*'Ní féidir cothroime idirghlúine a phlé gan dearadh agus cuspóir ár gcórais eacnamaíoch a cheistiú. Ní mór ár gcóras eacnamaíoch a chlaochlú ina chóras atá ceaptha chun **dea-bhail a chur ar fáil do dhaoine agus don phláinéad**, anois agus amach anseo. Spreagann paraidím eacnamaíoch an lae inniu an gearrthéarmachas trína rá linn gur ar mhaithe le geilleagar atá bearta gearrthéarmacha OTI agus fás rachmais ábhartha. **Má táthar chun an dea-bhail a chur chun cinn sa dearadh eacnamaíoch agus sa chinnteoireacht**, ní mór cur chuige fíor-fhadtéarmach coisctheach a ghlacadh. Leis an gCothroime Idirghlúine, chinnteofaí nach ndéanfaí dochar do na deiseanna ná do na hacmhainní atá ar fáil do na glúine atá le teacht ná nach gcuirfí srian orthu leis na cinntí eacnamaíocha atá ann faoi láthair. Ba chéim thábhachtach sa treo sin é Coimisinéir AE um Chothroime Idirghlúine a bhunú, ach tá gá le tuilleadh oibre chun an clár oibre a nascadh go sainráite leis an ngá atá le hathrú ar chórais eacnamaíocha. Is féidir inspioráid a fháil ón nGníomh um Fholláine na nGlún atá le Teacht sa Bhreatain Bheag lenar cuireadh 7 sprioc uileghabhálacha dea-bhaile i gcroílár a cinnteoireachta beartais agus lenar sainíodh cúig bhealach oibre chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus cuidíonn an Coimisinéir um na Glúine atá le Teacht le gníomhaireachtaí rialtais a choinneáil cuntasach ina leith. Ní mór ní hamháin coincheap an cheaptha beartas a chlaochlú ach an chaoi a ndéantar é chomh maith, trí rannpháirtíocht fhóinteach an phobail ag gach céim den phróiseas beartais. Pléitear é sin go mion i dTreoirleabhar Deartha Beartais Gheilleagar na Dea-Bhaile, bunaithe ar na prionsabail san íomhá sin:'*

Ilenia - 9 moladh

Teideal: Plean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh borradh idirghlúine agus ó ghlúin go glúin *Gné:* **COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA**

*'Chun 'Aontas an Chomhionannais' a thógáil san Eoraip, ní mór dúinn **an t-aoiseachas a chomhrac** go gníomhach agus deireadh a chur leis na bacainní a chuireann cosc ar dhaoine de gach aois leas a bhaint as cearta agus deiseanna comhionanna. Déanann an t-aoiseachas difear do rochtain ar obair, ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar rannpháirtíocht shibhialta, le haghaidh óga agus daoine aosta araon. Tá AGE Platform Europe chun tosaigh san éileamh ar chomhionannas aoise i mbeartais uile an Aontais (https://www.age-platform.eu/areas-of-work/age-equality/) chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais agus mianta sochaí atá ag dul in aois. Chuige sin, bheadh **Plean Gníomhaíochta***

an Aontais chun an tAoiseachas a Chomhrac *mar bhonn agus mar thaca ag Straitéis an Aontais um Chothroime Idirghlúine: bunaithe ar chearta an duine, ar an trasnachas, ar an gcomhionannas agus ar an dlúthpháirtíocht laistigh de na glúine agus idir na glúine, dhéanfadh sé an* ***comhionannas aoise a phríomhshruthú i ngach réimse beartais****, chuirfeadh sé dúshlán roimh steiréitíopaí diúltacha tríd an oideachas agus trí fheachtais phoiblí, agus chumhachtódh sé daoine scothaosta mar shealbhóirí cearta gníomhacha. Chothódh sé cláir idirghlúine freisin, neartódh sé cosaintí dlíthiúla, agus thacódh sé le taighde chun bonn eolais a chur faoi bheartais éifeachtacha. Trí leas a bhaint as saineolas AGE Platform Europe agus as cuir chuige nuálacha thaighde an Aontais, mar shampla an tionscadal a bheidh ann amach anseo (https://futu-res.eu/), is féidir leis an Aontas deis a dhéanamh den aosú agus sochaí athléimneach chuimsitheach a thógáil ina mbeidh rath ar gach duine, gan beann ar aois.'*

5. GRINNANAILÍS

Sa chaibidil seo a leanas, déantar scrúdú níos doimhne ar gach ceann de na ceithre ghné. Laistigh de gach gné, déantar anailís ar thopaicí aonair saoránach ar leithligh, lena dtugtar gnéithe éagsúla de na haighneachtaí le chéile. Cuirtear aighneachtaí ábhartha san áireamh freisin chun na topaicí sin a léiriú agus chun léargais níos mionsonraithe a sholáthar.

GNÉ 1: COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

Dírítear leis an ngné sin ar fheabhas a chur ar an gcaidreamh idirghlúine tríd an idirphlé agus an dlúthpháirtíocht idir na glúine a chur chun cinn, agus tríd an aoiseachas agus cineálacha eile idirdhealaithe a chomhrac, ar mhaithe leis an gcomhionannas agus leis an gcomhtháthú sóisialta.

Topaic Saoránach 1.1: An dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn agus spásanna a chruthú don idirphlé idirghlúine

ANAILÍS topaice

Iarrtar sna haighneachtaí go ndéanfaí deighiltí ó ghlúin go glúin a dhúnadh agus an deighilt a laghdú, agus comhar agus comhchruthú fóinteach idirghlúine á gcur chun cinn an tráth céanna. Leagann na rannpháirtithe béim ar chruthú timpeallachtaí agus spásanna ar nós ionaid chultúir, tithíocht chomhroinnte, agus tionscadail idirghlúine chun idirphlé agus idirghníomhaíocht a éascú ar fud aoisghrúpaí. Is féidir le tionscnaimh den sórt sin, cuir i gcás tionscadail mheantóireachta agus gníomhaíochtaí pobail comhroinnte, comhbhá agus comhthuiscint a chothú, dlúthpháirtíocht idirghlúine a chothú, agus tacú le líonraí marthanacha comhair agus tacaíochta a fhorbairt.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Friederike, 4 mholadh

'I sochaí ina bhfuil cothroime idirghlúine, ní mór do ghlúine éagsúla oibriú le chéile - ní hamháin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu ach chun todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú freisin. Chun é sin a bhaint amach, tá deiseanna fiúntacha de dhíth orainn le haghaidh idirphlé idirghlúine, inar féidir le daoine de gach aois teacht le chéile, smaointe a mhalartú, agus tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar ábhair imní a chéile.'

Öndercan, 0 moladh

'Le tionscnaimh phobail, ar nós ceardlanna rannpháirtíochta áitiúla, ionaid chultúir idirghlúine, agus pleanáil uirbeach chomhoibríoch, cuirtear ardáin ar fáil le haghaidh malartú fóinteach. Cuireann na spásanna sin ar a gcumas do shaoránaigh a dtaithí a roinnt, rud a mhúnlaíonn beartais a léiríonn riachtanais éagsúla ó ghlúin go glúin. Mar sin féin, ní hamháin go mbaintear cothroime amach trí na glúine a thabhairt le chéile — ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar neamhionannais réigiúnacha agus ar éagothromaíochtaí struchtúracha.'

Topaic Saoránach 1.2: An t-idirdhealú a chomhrac agus an comhionannas a chur chun cinn

ANAILÍS topaice

Is minic a iarrann saoránaigh bearta chun an t-idirdhealú a chomhrac agus an comhionannas a chur chun cinn. Leagann na rannpháirtithe béim ar an ngá atá le gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, agus béim ar leith á leagan ar an aoiseachas, chun cearta agus deiseanna comhionanna a chinntiú do chách. Leagann siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé insintí dearfacha a chur chun cinn agus steiréitíopaí a chomhrac, dúshlán a thabhairt go gníomhach do léirithe diúltacha ar dhaoine óga agus ar dhaoine scothaosta araon sna meáin agus sa dioscúrsa poiblí. Meastar go bhfuil na hiarrachtaí sin ríthábhachtach chun comhtháthú sóisialta, urraim fhrithpháirteach agus cothroime idirghlúine a chothú.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Nena, 10 moladh

'Tá sé ríthábhachtach comhionannas ag gach aois a chur chun cinn chun cothroime idirghlúine a bhaint amach. Is é an t-aoiseachas an t-aon fhoras idirdhealúcháin a chumhdaítear le conarthaí an Aontais, a ndearnadh dearmad air go dtí seo i dtírdhreach beartais an Aontais. Ní mór a áireamh sa Straitéis um Chothroime Idirghlúine ***Plean Gníomhaíochta*** *tiomnaithe* ***chun an tAoiseachas a Chomhrac****, lena gcruthófaí treochlár chun deireadh a chur le neamhionannais ar feadh an tsaoil agus chun comhionannas do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta a chur chun cinn."*

Sarah, 5 mholadh

'Ní mór d'Aontas atá bunaithe ar chomhionannas tacú lena shaoránaigh ar feadh a saoil agus ag gach aois. Cruthaítear bacainní nach beag le hidirdhealú aoise agus aoiseachas, áfach, a chuireann bac ar dhaoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh sa saol oibre agus sa tsochaí, rud a chuireann le deacrachtaí eacnamaíocha agus as a n-eascraíonn bochtaineacht. Trí na cleachtais idirdhealaitheacha sin a chomhrac agus trí dhlúthpháirtíocht idir na glúine a chur

chun cinn, is féidir linn sochaí chuimsitheach chothrom a chothú, chomh maith le fás níos inbhuanaithe agus geilleagar iomaíoch comhtháite.'

GNÉ 2: DAONLATHAS AGUS RIALACHAS

Dírítear leis an ngné sin ar fheabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ionadaíocht na nglún uile inár gcórais dhaonlathacha chomh maith le cinnteoireacht fhadtéarmach idirghlúine a chur in ionad na smaointeoireachta gearrthéarmaí ar fud na réimsí beartais uile.

Topaic Saoránach 2.1: Rannpháirtíocht chuimsitheach a leathnú le haghaidh ionadaíocht idirghlúine

ANAILÍS topaice

Chun cothroime idirghlúine a chur chun cinn, cuireann na rannpháirtithe ar an Ardán um Rannpháirtíocht na Saoránach i dtábhacht a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht agus ionadaíocht dhaonlathach a leathnú chun cur ar a gcumas do gach aoisghrúpa páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí beartais. Áirítear ar na moltaí chun é sin a bhaint amach comhairlí óige, boird chomhairleacha shinsearacha agus fóraim idirghlúine a chruthú, chomh maith le deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht tríd an aois vótála a ísliú, for-rochtain ar phobail imeallaithe a chur chun cinn, agus spásanna rannpháirtíochta inrochtana agus cuimsitheacha a chinntiú. Leagann na rannpháirtithe béim freisin ar an ngá atá leis na hardáin rannpháirtíochta sin a chumhachtú ionas go mbeidh fíorthionchar ag rannchuidithe ar an gcinnteoireacht, lena gcinntítear go n-éistfear le gach guth agus go ndéanfar iad a mheas i ndáiríre.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

William, 7 moladh

'Ba cheart idirphlé leanúnach idirghlúine a chothú trí spásanna daonlathacha tiomnaithe. Trí thionóil saoránach a bhunú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach (bunaithe ar 'Coinbhinsiún na Saoránach maidir leis an Aeráid' sa Fhrainc), chuirfí ar a gcumas do daoine de gach aois agus de gach cúlra plé a dhéanamh le chéile ar shaincheisteanna práinneacha sochaíocha, cuir i gcás an t-aistriú éiceolaíoch, tithíocht agus cuimsiú digiteach. Ní mór fíorthionchar a bheith ag na tionóil sin ar an gcinnteoireacht phoiblí, rud a chuideoidh le muintearas níos láidre a chothú trí thuiscint fhrithpháirteach agus trí fhreagracht chomhroinnte.'

Panayiota, 0 moladh

'Chun tionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cothroime Idirghlúine agus Inbhuanaitheacht Dhaonlathach a threisiú, molaim go gcruthófaí Fóram Eorpach do Shaoránaigh Idirghlúine mar bhuansásra rannpháirtíochta agus comhairleach laistigh de

rialachas an Aontais. Is é is cuspóir dó a chinntiú go ndéanfar leasanna fadtéarmacha na nglún uile — agus iad siúd nár rugadh go fóill san áireamh — a chomhtháthú go córasach i gceapadh beartas. Thabharfadh an Fóram daoine óga, daoine scothaosta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus saineolaithe le chéile chun ionchur struchtúrtha a chur ar fáil maidir le straitéisí agus tograí reachtacha an Aontais. Rannchuideodh sé le hInnéacs Cothroime Idirghlúine a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air, rud a chuideodh leis an Aontas measúnú a dhéanamh ar thionchair fhadtéarmacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a chuid beartas. Bheadh an Fóram ina mhol eolais agus dea-chleachtais freisin, lena dtacófaí leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cuir chuige idirghlúine a chur i bhfeidhm agus samhlacha nuálacha ar fud na mBallstát a chomhroinnt. Leis an sásra sin, neartófaí comhleanúnachas beartais idir timthriallta polaitiúla gearrthéarmacha agus riachtanais shochaíocha fhadtéarmacha, chuirfí feabhas ar dhlisteanacht dhaonlathach trí ionadaíocht chuimsitheach, agus chuirfí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin chun cinn. Dá mbunófaí Fóram den sórt sin, dhéanfaí an chothroime idirghlúine a dhaingniú mar bhunluach Eorpach agus chuideofaí lena chinntiú nach gcuirfeadh cinntí an lae inniu deiseanna na nglún atá le teacht i mbaol.'

Topaic Saoránach 2.2: An smaointeoireacht fhadtéarmach agus idirghlúine a chur i gcroílár na bpróiseas ceaptha beartas

ANAILÍS topaice

Chun an smaointeoireacht ghearrthéarmach a shárú ar an leibhéal institiúideach, leagann na rannpháirtithe ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach béim ar a thábhachtaí atá sé peirspictíochtaí fadtéarmacha atá dírithe ar an todhchaí a chomhtháthú i ngach réimse beartais. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar thionchar idirghlúine na gcinntí agus an inbhuanaitheacht, an chothroime agus an fhreagracht a leabú ar fud na bpróiseas rialachais. Molann na rannpháirtithe freisin fadbhreathnaitheacht agus cuntasacht a institiúidiú do na glúine atá le teacht, mar shampla trí ról an Choimisinéara um Chothroime Idirghlúine a neartú, agus trí bhuiséad a chruthú lena gcuirfear leasanna na nglún atá le teacht san áireamh go sainráite, chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais na nglún óg agus na nglún atá le teacht a chosaint go comhsheasmhach i ngach réimse beartais.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Christiny, 9 moladh

*'Éilítear leis sin próisis ceaptha beartas chun **tionchair fhadtéarmacha agus thrasearnálacha na mbeartas** ar ghlúine atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo de gach aois a mheas. Chun é sin a dhéanamh, ní mór don Aontas uirlisí agus modhanna ar nós **fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus samhlacha comhtháite** a úsáid chun breathnú ar an bhfadtéarma.'*

Кирило, 0 moladh

'Ní mór don Aontas Eorpach an ceartas idirghlúine a chur i gcroílár a cheaptha beartas. Is rómhinic a fhreastalaíonn cinntí polaitiúla ar leasanna gearrthéarmacha, agus déantar faillí iontu ar na hiarmhairtí fadtéarmacha a bheidh le sárú ag daoine óga an lae inniu - agus ag na glúine atá le teacht. Idir an t-athrú aeráide, fiachas poiblí, rialáil dhigiteach agus athruithe déimeagrafacha, tá an t-ualach ar Eorpaigh óga ag dul i méid. Tá beartais de dhíth orainn lena dtugtar tús áite don inbhuanaitheacht, don chothroime agus don chuimsiú. Ba cheart measúnuithe tionchair amach anseo a thabhairt isteach do mhórreachtaíocht uile an Aontais, lena gcinnteofar go ndéanfar cearta na ndaoine sin nár rugadh go fóill a chur san áireamh. Ní mór dlús a chur leis an mbeartas aeráide le rannpháirtíocht níos láidre ón óige, agus ba cheart freagracht fhadtéarmach, seachas gnóthachan gearrthéarmach, a léiriú leis an gcaiteachas poiblí.'

GNÉ 3: INBHUANAITHEACHT COMSHAOIL AGUS SHOCHEACNAMAÍOCH

Leis an ngné sin, cuirtear an t-athrú aeráide i dtábhacht mar dhúshlán lárnach maidir le todhchaí ina mbeidh cothroime idirghlúine agus scrúdaítear bealaí chun iompraíocht eacnamaíoch réamhbhreathnaitheach a chothú. Tugtar aghaidh sna haighneachtaí freisin ar inbhuanaitheacht na fostaíochta le haghaidh daoine óga agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé dálaí maireachtála córa a chinntiú do chách.

Topaic Saoránach 3.1: An t-athrú aeráide a chomhrac mar fhreagracht idirghlúine

ANAILÍS topaice

Tá na rannpháirtithe den tuairim gur bagairt mhór é an t-athrú aeráide ar an gcothroime idirghlúine, ós rud é gur dócha go mbeidh tionchar díréireach aige ar na glúine óga agus ar na glúine atá le teacht. Cuirtear i dtábhacht sna haighneachtaí gur freagracht bhunúsach idirghlúine é gníomhaíocht phráinneach éifeachtach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, cuir i gcás bearta ar nós an geilleagar a dhícharbónú agus infheistíocht a dhéanamh in iompar atá neamhdhíobhálach don aeráid. Cuireann na rannpháirtithe i dtábhacht freisin an gá atá le cur chuige trasearnála, cuimsitheach agus rannpháirteach ina mbeidh gach aoisghrúpa rannpháirteach, lena gcinnteofar

aistriú inbhuanaithe ar gach leibhéal agus lena gcothófar braistint chomhroinnte freagrachta.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Revo Prosperidad Sostenible, 4 mholadh

'Ní mór don Choimisinéir um cheartas idirghlúine a chinntiú go mbeidh an aeráid is lú díobháil is féidir ag na glúine atá le teacht, agus chuige sin is gá a chinntiú nach gcuirfidh beartais na gCoimisinéirí atá freagrach as na hearnálacha éagsúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an dícharbónú trí ghníomhaíocht nó neamhghníomh bac ná moill ar chonair dícharbónaithe gheilleagar an Aontais. Déanfaidh an coimisinéir um cheartas idirghlúine monatóireacht ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh agus beidh air tograí a dhéanamh maidir le feabhsú nó rabhadh a thabhairt nuair a bheidh na gníomhaíochtaí sin contrártha do chuspóirí an dícharbónaithe agus na hinbhuanaitheachta i gcoitinne.'

Valeriia, 2 mholadh

'Réimse amháin nach mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar an gceartas idirghlúine ann is ea beartas aeráide. Is é an t-athrú aeráide an sampla is práinní den chaoi a bhféadfadh iarmhairtí tubaisteacha fadtéarmacha a bheith ag cinntí gearrthéarmacha. Mar sin féin, is minic a eisiatar daoine óga - iad siúd is faide a bheidh ag cur suas leis na hiarmhairtí sin - ó mhúnlú na mbeartas arb é is aidhm dóibh iad a réiteach. Tá athrú soiléir i straitéis aeráide an Aontais de dhíth orainn: ní mór tosaíocht a thabhairt don tionchar fadtéarmach thar áisiúlacht láithreach pholaitiúil nó eacnamaíoch.'

Topaic Saoránach 3.2: Infheistíocht atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn

ANAILÍS topaice

Chomh maith le dul i ngleic leis an athrú aeráide, iarrann na rannpháirtithe go gcuirfí infheistíocht atá dírithe ar an todhchaí chun cinn mar bhealach chun cothroime idirghlúine a chur chun cinn. Molann siad iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha eacnamaíocha malartacha lena spreagtar smaointeoireacht fhadtéarmach, cothromaíocht a bhaint amach idir inbhuanaitheacht éiceolaíoch, cothromas sóisialta agus athléimneacht eacnamaíoch seachas díriú ar OTI amháin. Leagann na rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh gach glúin rannpháirteach i múnlú na n-aistrithe eacnamaíocha sin, i gcothú na freagrachta comhroinnte agus i gcomhtháthú sóisialta inbhuanaithe a chinntiú.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Katy, 4 mholadh

'Chun fíorcheartas idirghlúine a chinntiú, ní mór dúinn bogadh ar aghaidh ó shamhlacha eacnamaíocha a bhraitheann ar fhás síoraí. Aithnítear le cur chuige iarfháis don Eoraip nach féidir an rathúnas a thógáil ar ró-úsáid acmhainní, ar scriosadh éiceolaíoch, ar neamhionannais a dhoimhniú agus ar thearcluacháil oibre cúraim gan íocaíocht, rud a bhaineann an bonn d'fholláine na nglún atá le teacht. Ciallaíonn fíorcheartas idirghlúine maireachtáil laistigh de theorainneacha an phláinéid agus acmhainní a dháileadh go cothrom le himeacht ama. Chuige sin, ní mór folláine agus cúram a bheith mar sprioc lárnach beartais seachas fás OTI. Ní mór don infheistíocht phoiblí tosaíocht a thabhairt don athléimneacht shóisialta agus éiceolaíoch - obair chúraim, oideachas, oiriúnú don athrú aeráide - ní don fhás ar mhaithe léi féin.'

Silvia, 1 mholadh

'Cuireann Geilleagar na Dea-Bhaile samhail chlaochlaitheach ar fáil chun a chinntiú nach gcuirfear ualach ar na glúine atá le teacht mar gheall ar iarmhairtí chinntí an lae inniu. Is minic a bhíonn costais fhadtéarmacha shóisialta, sláinte agus chomhshaoil mar thoradh ar fhás eacnamaíoch neamh-inbhuanaithe, rud a chuireann folláine na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht, agus inbhuanaitheacht ár bpláinéid, i mbaol. Téann Geilleagar na Dea-Bhaile níos faide ná OTI mar an t-aon tomhas ar dhul chun cinn, lena gcomhtháthaítear táscairí, cuir i gcás meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil, inbhuanaitheacht comhshaoil, agus cothromas sóisialta. Trí Gheilleagar na Dea-Bhaile a leabú i gcinnteoireacht an Aontais, cuideofar le haghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus riachtanais agus cearta na nglún atá le teacht á gcosaint an tráth céanna.'

Topaic Saoránach 3.3: Coinníollacha fostaíochta don aos óg a fheabhsú

ANAILÍS topaice

Measann rannpháirtithe ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach go bhfuil comhdheiseanna eacnamaíocha ríthábhachtach don chothroime idirghlúine. Dá réir sin, molann siad feabhas a chur ar dhálaí fostaíochta don aos óg, an t-aistriú ón oideachas agus ón oiliúint go dtí margadh an tsaothair a éascú, agus naisc idir an t-oideachas, an oiliúint agus an tionscal a neartú. Iarrann siad freisin go mbeadh cleachtais earcaíochta chothroma chuimsitheacha ann agus go mbainfí bacainní ar fhostaíocht, rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain chothrom ag gach duine óg ar dheiseanna.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Daniela, 5 mholadh

'Ní mór rochtain ar oideachas a leathnú a bheith fite fuaite le cláir mheantóireachta lena nasctar mic léinn le gairmithe a bhfuil taithí acu, agus le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do dhaoine scothaosta. Le hinfheistíochtaí, ba cheart tacaíocht luath agus leanúnach a chinntiú don óige faoi mhíbhuntáiste agus, an tráth céanna, luach a chur ar rannchuidiú

daoine scothaosta maidir le sochaí níos cothroime agus níos cuimsithí a mhúnlú. Trí chomhar agus deiseanna comhroinnte a chothú, is féidir leis an Aontas fíor-shoghluaisteacht shóisialta a chur chun cinn agus rathúnas a chinntiú a rachaidh chun tairbhe do gach glúin.'

Mirela, 2 mholadh

'Ba cheart é a bheith mar chuid den ghlúin atá ann faoi láthair agus den ghlúin atá le teacht go bhfaighidh daoine óga rochtain chothrom ar an saol gairmiúil tar éis staidéir a dhéanamh/oiliúint a fháil/srl.: - Cén fáth a bhfuil sé deacair d'aosaigh óga oilte a gcosa a chur fúthu sa saol gairmiúil? Cén chaoi a bhféadfadh sé go mbeadh bac ar an mbealach chuig féinfhostaíocht ábhartha ar feadh i bhfad, in ainneoin oideachas maith agus na hintéirneachtaí íoctha nó neamhíoctha, an obair dheonach, agus na céimeanna máistreachta uile déanta ag duine? - Cén fáth a bhfuil an oiread sin ollscoileanna ann nach bhfuil nasctha le tionscal? - Cén fáth a mbíonn printísigh in iomaíocht le céimithe le haghaidh poist agus cén leibhéal oideachais atá 'ceart i ndáiríre'?

Topaic Saoránach 3.4: Dálaí maireachtála córa a chinntiú do chách

ANAILÍS topaice

Measann rannpháirtithe ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach go bhfuil sé ríthábhachtach don chothroime idirghlúine a chinntiú go bhfuil caighdeáin mhaireachtála cinnte agus sásúla ann do gach ghlúin. Dá réir sin, leagann siad béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain ar thithíocht inacmhainne ar ardchaighdeán a ráthú, seirbhísí bunúsacha a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shóisialta.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Duarte, 0 moladh

'Tá an chothroime idirghlúine san Eoraip i mbaol níos mó ná riamh. Tá costais mhaireachtála atá ag dul i méid, tithíocht neamh-inacmhainne, agus éiginnteacht airgeadais atá ag dul i méid roimh dhaoine óga. Ach grúpa ar leith laistigh den tírdhreach sin atá i gceist le mic léinn, le leochaileachtaí sonracha atá nasctha go díreach lena gcumas rochtain a fháil ar oideachas agus oideachas a chur i gcrích. Le bochtaineacht fuinnimh, tithíocht ar dhroch-chaighdeán, agus córais tacaíochta do mhic léinn nach bhfuil sásúil, baintear an bonn ní hamháin de dhálaí maireachtála na mac léinn ach dá gceart chun foghlama agus chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí freisin. (...) Éilítear le cur chuige cothrom Eorpach infheistíocht láidir phoiblí in ardoideachas inrochtana, tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe do mhic léinn, deontais sásúla, agus seirbhísí tacaíochta lena gcosnaítear mic léinn ar an mbochtaineacht. Ní mór do bheartais maidir le tithíocht, aistriú aeráide agus cosaint shóisialta réaltachtaí daoine óga agus mac léinn araon a léiriú. Ní mór a chinntiú leis an gcothroime idirghlúine nach bhfágfar daoine óga an lae inniu - agus go háirithe daltaí an lae inniu - faoi ualaí díréireacha.'

Diana, 0 mholadh

'Tá caint ar chothromas, ar smaointeoireacht chomhleanúnach, ar lánpháirtiú srl. Tá neart fadhbanna roimh an aos óg agus roimh dhaoine scothaosta araon. Ceann amháin díobh sin is ea an bhochtaineacht. Pinsinéirí a dtarlaíonn sé go minic dóibh nach mbíonn siad in ann greim a choinneáil faoin bhfiacail ach ar éigean leis an bpinsean atá acu tar éis dóibh a bheith ag obair ar feadh a saoil agus daoine óga atá ag obair go lánaimseartha (bheifí ag súil leis go mbeadh siad ag obair sa réimse ina bhfuil siad cáilithe) ach nach bhfuil a ndóthain pá acu chun bheith neamhspleách nó chun airgead a shábháil don todhchaí. Tá uaigneas agus líonraí sóisialta i bpáirt acu freisin: Bíonn na milliúin cairde ag daoine óga ar líne, bíonn teagmháil acu 24/7 ar líne ach mothaíonn siad uaigneach agus aisteach toisc go gcuireann siad iad féin i gcomparáid leo siúd a fheiceann siad ar an idirlíon agus a bhfuil an chuma orthu go bhfuil saol foirfe acu. Ar an taobh eile, tá daoine scothaosta scoite amach ó shaol ina bhfuil deighilt idir daoine scothaosta agus daoine eile. Níl aon chur amach acu ar ríomhairí agus tá athrú tagtha ar gach rud a bhfuil siad cleachta leis gan iad a chur san áireamh agus na hathruithe sin á ndéanamh. Níl cuid acu fiú in ann an pinsean a fháil ón mbanc má bhíonn orthu é a dhéanamh ag UMB. Mar gheall ar an iliomad cúraimí atá ann agus an luas a theastaíonn lena gcur i gcrích agus an t-am a chaitear ar líonraí sóisialta, níl an t-am ag roinnt daoine labhairt le daoine scothaosta nó fáil amach an bhfuil siad ceart go leor, nó níl aithne ag daoine scothaosta ar dhaoine a bheadh sásta am a chaitheamh le sin a dhéanamh. Agus ar deireadh, éiginnteacht agus easpa dóchais. Bíonn na mothúcháin sin ar roinnt daoine toisc nach bhfeiceann siad todhchaí fhadtéarmach, rud a fhágann go bhfuil sé deacair dóibh tithíocht, leanaí srl a bheith acu. Bíonn na mothúcháin sin ar dhaoine eile toisc go bhfuil siad ag druidim le deireadh a saoil agus gur dócha, in ainneoin an mhéid a shamhlaigh siad agus a theastaíonn uathu, go bhfaighidh siad bás ina n-aonar agus/nó go ndéanfaidh an tsochaí neamhaird orthu toisc nach bhfuil an t-am ná na hacmhainní aici chun freastal orthu.'

GNÉ 4: CÓRAIS CHÚRAIM AGUS OIDEACHAIS

Dírítear leis an ngné sin ar a thábhachtaí atá sé seirbhísí poiblí a sholáthar, cuir i gcás cúram agus oideachas, chun cothroime idirghlúine a chinntiú. Leagtar béim sna haighneachtaí ar an ngá atá le córais chomhtháite cúraim agus tacaíochta, chomh maith le rochtain chomhionann ar oideachas ar ardchaighdeán.

Topaic Saoránach 4.1: Córais chúraim do gach aois a neartú

ANAILÍS topaice

Iarrann na rannpháirtithe go ndéanfaí infheistíocht mhór i mbonneagar cúraim inrochtana do gach aoisghrúpa, lena gcuimsítear cúram sláinte, tacaíocht shóisialta agus réitigh phobalbhunaithe. Cuireann siad i dtábhacht go láidir gur cheart an cúram a aithint mar fhreagracht chomhroinnte shochaíoch, dá dtabharfar tacaíocht trí sheirbhísí poiblí, trí oibrithe cúraim gairmiúla, agus trí aitheantas a thabhairt d'obair cúraim teaghlaigh. Leagtar béim sna haighneachtaí freisin ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht fhrithpháirteach a chothú trí thionscnaimh, cuir i gcás réitigh chomhthithíochta. Ar deireadh, molann na rannpháirtithe Ráthaíocht Eorpach um Chúram agus comhordú trasteorann feabhsaithe ar chórais sláinte agus slándála sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhaimseartha.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Marta, 2 mholadh

'Tá an daonra ag éirí níos sine agus níl muid ullmhaithe lena aghaidh. (...) Sa lá atá inniu ann, bíonn seanóirí a bhfuil a sláinte ag meath ag druidim isteach iontu féin ag fanacht sa bhaile agus ní ghlacann siad páirt sa saol sóisialta nó, nuair atá a sláinte tar éis éirí níos measa fós, bogann siad go teach altranais. (...) Táim cinnte de gur réiteach iontach ar an dúshlán sin í an chomhthithíocht. Is cineál tithíochta comhoibríche í ina gcónaíonn seanóirí le chéile i suíomh pobail. Buntáistí? Costas inacmhainne (roinnte idir gach duine), spás inrochtana atá deartha agus in oiriúint do riachtanais daoine scothaosta, seirbhísí tacaíochta in aice lámha (cúram sláinte, ullmhú béilí, iompar), neamhspleáchas, an t-uaigneas a chomhrac agus, ar ndóigh, - tacaíocht fhrithpháirteach agus idirghníomhaíocht shóisialta. (...) Ba cheart an chomhthithíocht a fhorbairt go práinneach, le tacaíocht airgeadais ón Aontas, ó na Ballstáit nó ó rialtais áitiúla.'

Christos, 1 mholadh

'Is é an rud atá in easnamh bonneagar lena n-aithnítear leochaileacht mar fhreagracht shochaíoch, seachas mí-ádh aonair. Ní mór dúinn córais chomhtháite a thógáil i gcás nach

tairiscintí ilroinnte ach cearta comhordaithe iad tithíocht thacaithe, seirbhísí meabhairshláinte, cúram solúbtha agus nasc pobail. Ina éagmais sin, is caint san aer í cothroime idirghlúine. Ó phleanáil an lucht saothair go dearadh seirbhíse, ní mór dúinn smaoineamh ar feadh an tsaoil. Is éard atá i gceist leis sin tacú leo siúd a sholáthraíonn cúram le róil inbhuanaithe agus oiliúint, agus a chinntiú go bhfreastalófar leis na córais ar riachtanais atá ag teacht chun cinn le himeacht ama.'

Topaic Saoránach 4.2: Rochtain chothrom ar oideachas ar ardchaighdeán a leathnú

ANAILÍS topaice

Iarrann na rannpháirtithe go leathnófaí rochtain chothrom ar oideachas ardcháilíochta, agus go n-aithneofaí é mar bhonn do chomhionannas deiseanna, don chothroime idirghlúine agus don chomhtháthú sóisialta. Leagann siad béim ar a thábhachtaí atá sé bacainní a bhaint agus infheistíocht phoiblí san oideachas a mhéadú ag gach céim den saol, cuir i gcás oideachas neamhfhoirmiúil lasmuigh de scoileanna, lena gcinnteofar timpeallachtaí foghlama cothroma do chách. Molann na rannpháirtithe go ndéanfaí an t-oideachas a nuachóiriú chun freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo, cuir i gcás an Intleacht Shaorga a ionchorprú, agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus foghlaim idirghlúine a chur chun cinn, lena gcuirfear ar a gcumas do dhaoine aonair de gach aois barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú go fóinteach ar feadh a saoil.

AIGHNEACHTAÍ sárthaispeántais

Florinda, 2 mholadh

'Is iad scoileanna poiblí an áit inar féidir leis na glúine atá le teacht oiliúint a fháil, scileanna agus luachanna a fháil, ach is gá machnamh domhain a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí teagaisc. Sa lá atá inniu ann, níos mó ná riamh, tá sé ríthábhachtach an cur chuige oideolaíoch a athnuachan agus a nuáil, ionas go bhfreastalóidh sé ar riachtanais an domhain atá ag athrú go tapa ar bhealach atá dírithe ar an inbhuanaitheacht, ar an gcuimsiú agus ar an gcothromas. Ina theannta sin, ní mór éisteacht le daoine óga sa phróiseas oideachais. Tá a nguthanna, a dtaithí agus a ndearcthaí ríthábhachtach chun córas scoile a thógáil ní hamháin lena dtarchuirtear eolas, ach lena n-ullmhaítear i ndáiríre do shaol agus do dhúshláin na todhchaí. Ní hamháin gur ceart ráthaithe é an t-oideachas poiblí, ach ní mór dó a bheith ina fhíordheis do gach aon duine, áit ar féidir le gach duine óg barr a chumais a bhaint amach agus cur go gníomhach leis an tsochaí. Chun é sin a dhéanamh, tá comhiarracht ó institiúidí, ó mhúinteoirí agus ón tsochaí shibhialta ríthábhachtach chun athmhachnamh a dhéanamh ar an oideachas ionas go mbeidh sé ina spreagadh dáiríre don athrú agus don fhás do chách.'

Esther, 2 mholadh

'Is infheistíocht i dtodhchaí níos fearr, níos cothroime agus níos athléimní do na 25 bliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin é an dea-oideachas do dhaoine óga sa lá atá inniu ann. Cuireann an t-oideachas na scileanna agus an t-eolas ar fáil do dhaoine óga a theastaíonn uathu chun go n-éireoidh leo sa saol. Dá bhrí sin, is é an t-oideachas is bonn lena dtodhchaí; leagtar síos ann an bunús le haghaidh glúin dhea-ullmhaithe inniúil a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí. Má tá comhdheiseanna ag gach duine óg san Eoraip maidir le hoideachas ar ardchaighdeán, cuideoidh sé sin freisin le ceartas ó ghlúin go glúin a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin go gcaitear go cothrom le gach glúin agus go bhfaigheann gach duine an tacaíocht a theastaíonn uathu chun forbairt, beag beann ar an timpeallacht shóisialta nó eacnamaíoch as a thagann siad. Trí oideachas cothrom, is féidir linn sochaí nuálach, níos cothroime agus inbhuanaithe a chruthú ina n-urramófar gach glúin agus ina dtacófar leo, ina laghdófar neamhionannais shóisialta agus ina gcuirfear comhdheiseanna chun cinn.'

---

6. CONCLÚID

Ba chéim mhór í an díospóireacht ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach maidir le *Cothroime Idirghlúine* chun Straitéis an Aontais um Chothroime Idirghlúine a mhúnlú. Mar a léirítear sa tuarascáil seo, leis an bpróiseas rannpháirtíochta ar líne, a rinneadh ó mhí Feabhra 2025 go mí na Samhna 2025, tugadh **léargas saibhir agus éagsúil ar dhearcthaí na saoránach** maidir le todhchaí chothrom inbhuanaithe a chothú ó ghlúin go glúin.

Ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach, bhí na rannpháirtithe ag plé le raon éagsúil ábhar a bhaineann le cothroime idirghlúine. Laistigh den ghné a bhaineann leis an g**COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ**, d'iarr siad go mbeadh níos mó dlúthpháirtíochta ann idir na glúine, agus béim á leagan acu ar an tuiscint fhrithpháirteach, ar an aoiseachas a chomhrac, agus ar dheiseanna a chruthú le haghaidh idirphlé agus comhar idirghlúine. Sa ghné **DAONLATHAS AGUS RIALACHAS**, leag na rannpháirtithe béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht chuimsitheach a neartú agus smaointeoireacht fhadtéarmach a leabú i gceapadh beartas, agus mhol siad bearta chun a chinntiú go gcuirfear leasanna na nglún atá le teacht san áireamh sna cinntí a dhéantar sa lá atá inniu ann. Leis an ngné **INBHUANAITHEACHT COMHSHAOIL AGUS SHOCHEACNAMAÍOCH**, léiríodh éileamh láidir na saoránach ar ghníomhú práinneach ar son na haeráide chun na glúine óga agus na glúine atá le teacht a chosaint, mar aon le haistriú i dtreo samhlacha eacnamaíocha fadtéarmacha lena dtugtar tús áite don dea-bhail seachas don fhás gearrthéarmach. Leagadh béim go minic freisin ar dheiseanna córa fostaíochta do dhaoine óga. Ar deireadh, cuireadh i dtábhacht

leis an ngné **CÓRAIS CHÚRAIM AGUS OIDEACHAIS** rochtain uilíoch ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán ar feadh an tsaoil. Mhol na rannpháirtithe córais chúraim neartaithe, aitheantas níos fearr do theaghlaigh agus do phobail mar líonraí tacaíochta, agus athchóirithe oideachais lena gcuirtear foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn agus lena n-ailínítear le riachtanais athraitheacha na sochaí.

Ar an iomlán, cuirtear i dtábhacht leis an gcomhairliúchán seo an géarghá atá le h**Eoraip níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos comhtháite a thacaíonn leis na glúine uile** le haghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcothroime idirghlúine: **smaointeoireacht ghearrthéarmach, eisiamh agus neamhionannas**, agus **dlúthpháirtíocht idirghlúine nach bhfuil sásúil**. Rinne na rannpháirtithe réimsí sonracha beartais a nascadh go comhsheasmhach le spriocanna sochaíocha níos leithne, agus chuir siad i dtábhacht nach mór comhtháthú sóisialta, inbhuanaitheacht comhshaoil agus shocheacnamaíoch, rialachas cuimsitheach agus fadtéarmach, agus soláthar seirbhísí poiblí ardcháilíochta a shaothrú le chéile chun todhchaí chothrom inbhuanaithe a bhaint amach don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúine atá le teacht.